# Scéim Teanga

## 2023-2026

Faoi Alt 11 de dTeangacha Oifigiúla 2003



Bus Átha Cliath
Dublin Bus


46A Dún Laoghaire Ann
46A Dún Laoghaire 4 nóm
155 Bré 5 nóm
140 Ráth Maonais 9 nóm
38A Bóthar Burlington 9 nóm
TFI
TRANSPORT FOR IRELAND
JUNE 21

# CONTENTS


1. Réamhrá 3
2. Ullmhúchán i gcomhair Scéim Teanga 3
3. Ábhar na Scéime Teanga 3
4. Dáta tosaithe na Scéime Teanga 4
5. Forbhreathnú ar Bhus Átha Cliath 4

6. Tiomantas do sheachadadh seirbhísí trí Ghaeilge 5
   - 6.1 Na príomhbhealaí cumarsáide leis an bpobal 5
   - 6.2 Seirbhísí a sholáthraíonn Bus Átha Cliath i nGaeilge i láthair na huaire 5
   - 6.3 Seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla i láthair na huaire 6
   - 6.4 Seirbhísí atá ar fáil i mBéarla amháin i láthair na huaire 8

7. Feabhas ar an tSeirbhís a chuirfear ar fáil go dátheangach 8
   - 7.1 Comhfhreagras 8
   - 7.2 Teachtaireachtaí ríomhphoist 8
   - 7.3 Na Meáin Shóisialta 8
   - 7.4 Oiliúint agus forbairt d’fhostaithe 9

8. Monatóireacht agus athbhreithniú ar an scéim 9
9. Foilsiú na scéime comhaontaithe 9



Pleanáil Tura
n / Journey Pla
Eolas Amchláir
Timetable Information

## 1. Réamhrá

# Seo é an chéad Scéim Teanga arna hullmhú ag Bus Átha Cliath faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("an tAcht").

Foráiltear le hAlt 11 den Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina dtabharfar mionsonraí maidir leis na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- **Trí mheán na Gaeilge;**
- **Trí mheán an Bhéarla; agus trí**
- **Mheán na Gaeilge agus an Bhéarla**

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go soláthrófar seirbhís ar bith nach bhfuil á soláthar ag Bus Átha Cliath trí mheán na Gaeilge laistigh de thréimhse ama comhaontaithe.


Díolacháin Chártaí Leap / Breisiú Cártaí Leap /
Leap Card Sales / Leap Card Top-up / DoDublin Ticket Sales

## 2. Ullmhúchán i gcomhair Scéim Teanga

Ullmhaíodh an scéim ar iarratas ón Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta faoi Alt 11 den Acht agus, de réir na dtreoirlínte faoi Alt 12 den Acht sin.

Mar ullmhúchán don scéim seo, bunaíodh Coiste Gaeilge go hinmheánach ar fud Ghrúpa CIÉ chun dul i ngleic le réimsí éagsúla den scéim, agus an méid is féidir a bhaint amach sna blianta seo romhainn á gcur san áireamh ann.

Faoi Alt 13 den Acht, foilsíodh fógra poiblí le meabhrú dúinn dréachtscéim a ullmhú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Fuarthas cúig aighneacht déag agus rinneadh scrúdú orthu, agus rinneadh athbhreithniú orthu nuair a bhí an scéim seo á hullmhú.

## 3. Ábhar na Scéime Teanga

Tá sé mar aidhm ag an scéim feabhas a chur ar an tseirbhís a sholáthair Bus Átha Cliath riamh anall i nGaeilge. Tá achoimre ann de na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge faoi láthair agus na pleananna atá ann chun an soláthar seirbhísí a fheabhsú thar thrí bliana na scéime seo.

## 4. Dáta tosaithe na Scéime Teanga

Dheimhnigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an scéim. Cuirfear tús leis an Scéim Teanga le héifeacht ó 21 Eanáir 2019 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin go dtí go ndeimhneoidh an tAire Scéim nua Teanga, de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.


TFI
Entering Service

## 5. Forbhreathnú ar Bhus Átha Cliath

Feidhmíonn Bus Átha Cliath, ar fochuideachta faoi úinéireacht iomlán Ghrúpa Chóras Iompar Éireann an stáit é, líonra Oibleagáide na Seirbhíse Poiblí i Limistéar Bhaile Átha Cliath mar aon le roinnt Seirbhísí Tráchtála. Cumhdaíonn sé réigiún ón gCaisleán Nua i gContae Chill Mhantáin ó dheas, Baile Brigín i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath agus Maigh Nuad i gContae Chill Dara ag dul siar.

Iompraíonn Bus Átha Cliath 139 milliún paisinéir gach bliain ag soláthar raon leathan seirbhísí bus, traschathrach, gathacha, cuartha, friothálach DART, Airlink, mearsheirbhísí comaitéireachta le stad teoranta, Nitelink agus Turais do Thurasóirí.

Fostaíonn Bus Átha Cliath os cionn 3,500 duine agus tá flít d'os cionn 1,020 bus aige agus tá rochtain cathaoir rothaí orthu go léir le hurlár íseal agus Wi-Fi in aisce. Thaisteal Bus Átha Cliath os cionn 58 milliún ciliméadar in 2017.

Tá Bus Átha Cliath á rialú ag Bord ar a bhfuil naonúir comhaltaí i láthair na huaire, seachtar arna gceapadh ag Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus beirt chomhaltaí ar stiúrthóirí oibrithe iad agus ar cheap na fostaithe féin iad.

**Is iad seo a leanas comhaltaí reatha an Bhoird:**

- Gary Owens (Cathaoirleach)
- Keith Wallace
- Cyril Maybury
- Lynda Carroll
- Elaine Howley
- Emer Murray
- Stephen Hannan
- Dermot Healy


Ionsaithe
Tá ceart ag ár bhfostaithe agus ár bpaisinéirí ar obair nó ar taisteal gan faitíos roimh ionsaí. Déanfaimid iarracht i gcónaí na pionóis is déine a ghearradh ar ciontóirí.
Assaults
Our employees and passengers have the right to work or travel without fear of attack. We will always press for the strongest penalties against offenders.
TCI
Táthar tar éis TCI a shuiteáil le haghaidh Compord agus Sábháilteacht ár gCustaiméirí agus ár bhFoireann.
D'fhéadfaí íomhánna TCI a thaifeadadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu ar mhaithe le cuspóirí Sábháilteacht Phoiblí, Cosc ar Choireanna, Aimsiú agus Ionchúiseamh na gCiontóirí
Tá an scéim seo a rialú ag Bus Átha Cliath (teileafón: (01) 8734222
CCTV
CCTV has been installed for the Comfort and Safety of our customers and Staff.
CCTV images may be recorded and monitored for the purposes of Public Safety, Crime Prevention, Detection and Prosecution of Offenders.
This scheme is controlled by Dublin Bus (telephone: (01) 8734222)
Wi Fi
For support call 0818 333 388 or contact support@fleetconnect.ie and quote Bus number PA36
Coinnigh do thicéad le haghaidh cigireachta le do thoil
Please retain your ticket for inspection

# 6. Tiomantas do sheachadadh seirbhísí trí Ghaeilge

Tacaíonn Bus Átha Cliath leis na prionsabail a bhaineann le Gaeilge, Béarla agus déacht faoi mar atá imlínithe in Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, agus tá sé tiomanta don saol a éascú dá chustaiméirí agus freastal orthu sin ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

Aithníonn Bus Átha Cliath freisin na dualgais atá air faoin Acht Iompair, 1950 maidir leis an teanga a úsáidtear ar fhógraí poiblí agus ar thicéid a bheidh i nGaeilge ach a d'fhéadfadh a bheith i nGaeilge agus i mBéarla.

Tá Bus Átha Cliath tiomanta don Ghaeilge a chur chun cinn agus na seirbhísí a chuireann sé ar fáil don phobal a fheabhsú agus cuireann sé fáilte roimh ullmhú na scéime seo mar dheis chun na seirbhísí a thairgtear cheana féin i nGaeilge a chur ar bhonn foirmiúil agus an fháil atá ar sheirbhísí i nGaeilge a leathnú tuilleadh.

## 6.1 Na príomhbhealaí cumarsáide leis an bpobal

- Teagmháil duine ar dhuine
- Seirbhísí teileafóin
- Ríomhphost agus Ríomhphost Díreach Leictreonaigh
- Suíomh gréasáin
- Na meáin shóisialta
- Poiblíocht i nuachtáin
- Litir


Cairt Chustaimeirí 2024
Bus Átha Cliath
Dublin Bus

## 6.2 Seirbhísí a sholáthraíonn Bus Átha Cliath i nGaeilge i láthair na huaire

### Oiliúint agus forbairt d'fhostaithe

Chuir Gaelchultúr roinnt cúrsaí oiliúna Gaeilge ar fáil do roinnt fostaithe i mBiúró Faisnéise Custaiméirí Bhus Átha Cliath agus do roinnt fostaithe sa Cheannoifig. Roghnaigh an ghníomhaireacht stáit Foras na Gaeilge Gaelchultúr chun cúrsaí Gaeilge a fhorbairt agus a sholáthar don earnáil phoiblí.

Is cúrsa creidiúnaithe FETAC/QQI é an cúrsa agus rinneadh é thar thréimhse deich seachtaine ar feadh leathlá, agus cuirfidh sé le cumas fhostaithe Bhus Átha Cliath chun déileáil le custaiméirí ar mian leo comhfhreagras a dhéanamh i nGaeilge. Cuirfear fostaithe ar chúrsa oiliúna athnuachana gach bliain freisin.

### Cumarsáid

Tabharfar freagra i nGaeilge ar gach comhfhreagras scríofa a sheolfar chuig an gcuideachta i nGaeilge. Áirítear litreacha agus ríomhphoist leis sin. Tá urlabhraí a bhfuil Gaeilge aige, agus dóthain údaráis aige, ar fáil i gcomhair agallamh leis na meáin.

### Oifigeach Gaeilge Tiomnaithe

Oifigeach Tiomnaithe Gaeilge Tá Oifigeach Tiomnaithe Gaeilge, Clíodhna Ní Fhátharta, ag Bus Átha Cliath atá freagrach as a chinntiú go sásaítear gach ceanglas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

## 6.3 Seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla i láthair na huaire

### Foilseacháin

- Tuarascáil Bhliantúil Bhus Átha Cliath
- Cairt Chustaiméirí de chuid Bhus Átha Cliath

## Comhfhreagras

Tá ainm agus sonraí dátheangacha na cuideachta le feiceáil ar gach ceann litreach, stáiseanóireacht agus cárta gnó atá ag Bus Átha Cliath.

## Comharthaí

- Tá comharthaí bóthair buan (de réir an Achta um Thrácht ar Bhóithre 1961) dátheangach
- Tá comharthaí aimsiú bealaí agus faisnéise uile Cheannoifig Bhus Átha Cliath dátheangach
- Tá comharthaí aimsiú bealaí custaiméirí Oifig Earraí Caillte Bhus Átha Cliath dátheangach
- Tá an fhaisnéis maidir le táillí ar bord i nGaeilge agus i mBéarla
- Tá na taispeáintí digiteacha ar bhusanna i nGaeilge agus i mBéarla
- Tá na scrollaí seachtracha ar bhusanna i nGaeilge agus i mBéarla

## Fógraí ar bord

Tá na fógraí ar bord ar sheirbhísí líonra Oibleagáide Seirbhíse Poiblí Bhus Átha Cliath (ar flít 1,020 bus) dátheangach.

## Faisnéis paisinéirí i bhfíor-am

Taispeánann aonaid faisnéise paisinéirí i bhfíor-am ag breis is 607 stad bus i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath faisnéis dátheangach i láthair na huaire.

## Bróisiúir

Tá formhór de bhróisiúir faisnéise chustaiméirí Bhus Átha Cliath ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. I measc na samplaí:

- Conas do shóinseáil a bhailiú
- Faisnéis Paisinéirí i bhFíor-Am
- Treoir Thapa ar Tháillí
- Nitelink
- Treoir Bhus Átha Cliath maidir le hInrochtaineacht
- Scéim Cúnamh le Taisteal
- Cead i gcomhair Scútair

- Ar bord - Conas an bus a úsáid
- Ar bord - Pionós maidir le gnáth-tháillí
- Léarscáil de Phríomhbhealaí - Treoir thapa maidir le príomhbhealaí agus cinn scríbe

### Faisnéis ar an tsráid

Tá faisnéis ceannlíne agus bealaí ar an tsráid, agus cláir ama ar an tsráid, cuaillí bus agus scáthláin bus dátheangach.

### Séanadh ríomhphoist

Tá gnáth-theachtaireachtaí ar ríomhphoist Bhus Átha Cliath, cosúil le séanadh freagrachta, i nGaeilge agus i mBéarla.

### Turais do Thurasóirí ar Bhus Átha Cliath

Soláthraíonn Turais do Thurasóirí Bhus Átha Cliath turais dhátheangacha réamhthaifeadta i 10 dteanga, Gaeilge ina measc.

### Ticéadú

Tá ticéid pháipéir Bhus Átha Cliath uile i nGaeilge agus i mBéarla.

### DoDublin

Tá na fógraí ar bord ar sheirbhísí DoDublin Airlink go léir dátheangach. Ina measc sin tá na teachtaireachtaí faisnéise go léir agus na fógraí maidir leis an gcéad stad eile. Tá an fhaisnéis a thaispeántar ar an scáileán sna busanna (scáileáin ar an deic íochtair agus uachtair) i nGaeilge agus i mBéarla.

## 6.4 Seirbhísí atá ar fáil i mBéarla amháin i láthair na huaire

Soláthraítear na seirbhísí eile go léir trí Bhéarla amháin.



# 7. Feabhas ar an tseirbhís a chuirfear ar fáil go dátheangach

## 7.1 Comhfhreagras

Mar aon lena oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh chun comhfhreagras a fhaightear i nGaeilge a fhreagairt i nGaeilge, cuirfidh Bus Átha Cliath tús le comhfhreagras i nGaeilge leo siúd arb eol dó gur fearr leo comhfhreagras a dhéanamh leis i nGaeilge.

**Tréimhse ama lena chur i gcrích:** Ó thús na scéime seo

## 7.2 Teachtaireachtaí ríomhphoist

Tabharfar uigeach d'fhostaithe aonair an chuid de na freagraí as oifig a gineadh ar bhonn neamhchórais a úsáid i nGaeilge agus i mBéarla araon.

**Tréimhse ama lena chur i gcrích:** Ó thús na scéime seo

## 7.3 Na Meáin Shóisialta

Gheobhaidh custaiméirí a phostálfaidh ceisteanna i nGaeilge ar chuntais mheáin shóisialta Bhus Átha Cliath admháil i nGaeilge.

## 7.4 Oiliúint agus forbairt d'fhostaithe

Cuirfidh Bus Átha Cliath suirbhé bliantúil i gcrích chun rochtain a fháil ar leibhéil inniúlachta i measc fostaithe chun a dheimhniú cibé an gá dó a chuid cúrsaí oiliúna Gaeilge a thairiscint do bhreis fostaithe.

**Tréimhse ama lena chur i gcrích:** Ó thús na scéime seo


Bus Átha Cliath
Dublin Bus
Oibríochtaí na Cloiche Leithne
Broadstone Operations

## 8. Monatóireacht agus athbhreithniú ar an scéim

Sannfar an fhreagracht fhoriomlán chun cur i bhfeidhm na scéime a mhaoirsiú ar an Rannóg Cumarsáide agus Meán.

Tuairisceofar nuashonruithe rialta ar dhul chun cinn do Bhord Bhus Átha Cliath. Tá sé i gceist go ndéanfar athbhreithniú ar fheidhmiú na scéime 18 mí dhéag ó thús na scéime agus arís ag deireadh na tréimhse trí bliana lena chinntiú go seachadfar na spriocanna comhaontaithe agus go mbeidh soláthar leordhóthanach seirbhísí agus tionscnamh ann i nGaeilge ar aon dul le héileamh reatha agus sa todhchaí ón tionscal agus in Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

## 9. Foilsiú na scéime comhaontaithe

Déanfar poiblíocht ar ábhar na scéime deiridh faofa mar aon le tiomantais agus forálacha na scéime i measc fostaithe agus an phobail i gcoitinne trí bhíthin:

- Yammer
- Inlíon
- Ríomhphost inmheánach
- Suíomh gréasáin na Cuideachta

Cuireadh cóip den scéim ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

TRANSPORT FOR IRELAND

**Ceannoifig Bhus Átha Cliath**
59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1

**An Rannóg Meán agus Cumarsáide:**
(01) 873 4222

**communications@dublinbus.ie**

www.dublinbus.ie
#dublinbusnews

Tá an t-eolas ceart ag tráth na clódóireachta (June 2024)